| | **Meitheal Forbartha Cruinniú 11**<br>**Déardaoin, an 6 Feabhra 2025**<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Fáilte ón gCathaoirleach, miontuairiscí na gcruinnithe deiridh** | Rinneadh plé ar mhiontuairiscí an chruinnithe deiridh agus glacadh leo. |
| **An Nuacht is Déanaí** | Tugadh breac-chuntas don ghrúpa ar an bpróiseas comhairliúcháin a thosóidh go luath maidir leis an dréachtsonraíocht. |
| **Athbhreithniú agus idirdhealú i dtorthaí foghlama** | Bailíodh agus rinneadh breithniú cúramach ar aiseolas chun mionleasú agus feabhsú leanúnach na dtorthaí foghlama a threorú.<br><br>Rinne baill na meithle plé ar idirdhealú idir an Gnáthleibhéal agus an tArdleibhéal ach d'aontaigh siad gan idirdhealú a dhéanamh idir torthaí foghlama sonracha ag an bpointe seo. Ina áit sin, d'aontaigh siad fanacht go dtí go bhfaighidís aiseolas ón gcomhairliúchán poiblí sula dtabharfaidís athshúil ar an ábhar. |
| **Ainm an Ábhair** | Rinne an mheitheal iniúchadh ar roghanna éagsúla ainmneacha don ábhar athfhorbartha, agus breithniú á dhéanamh acu ar ghnéithe amhail an fhoghlaim sa tsonraíocht a léiriú go cruinn, tarraingteacht an ábhair a leathnú, nasc níos láidre a fhorbairt le Teicneolaíocht Adhmaid, agus foghlaim ETIM a chur chun cinn.<br><br>Ba é 'Teicneolaíocht Foirgníochta' rogha na tosaíochta agus cuirfear chun tosaigh é le haghaidh comhairliúcháin. Déanfar athbhreithniú ar an ainm arís tar éis aiseolas a fháil ón gcomhairliúchán. |
| **Na chéad chéimeanna eile agus an chéad chruinniú eile** | Rinne an cathaoirleach machnamh ar an obair a rinneadh agus ghabh buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as an méid a rinne siad.<br><br>**An chéad chruinniú eile:** 29 Aibreán 2025 |